AIRDE AGUS MÉID COISE NÓ BROIGE – SUIRBHÉ EOLAÍOCH

Trealamh: Trealamh tomhaiste (téip tomhaiste nó toisí neamhchaighdeánacha), páipéar.



Leibhéal Ranganna molta: Ranganna 3-6

Ullmhúchán: Tada

Eolas Cúlra: Bíonn a lán rudaí le déanamh ag cos an duine. Bíonn uirthi tú a choinneáil i do sheasamh agus cothromaithe; ní mór di a bheith láidir chun glacadh le do mheáchan go léir; agus cabhraíonn sí leat siúl freisin. Tá sí casta go leor mar sin, le cnámha, ailt agus matáin.

Ceisteanna Spreagtha:

Cén fáth go bhfuil cosa againn?! *(Ar mhaithe le siúl agus cothromú)*

Cén chuid eile den cholainn a chabhraíonn le cothromú? *(Do chluas: is féidir le meadhrán teacht agus tú a leagadh nuair a bhíonn lacht ag gluaiseacht thart sa chluas inmheánach; deir leanaí go gcabhraíonn sé lena gcothromú a lámha a choinneáil amach uathu).*

Cad a tharlódh dar leat mura mbeadh cosa agat? *(Ní bheifeá in ann tú féin a chothromú ná siúl)*

Meas tú go bhfuil sé níos deacra do dhaoine siúl ná d'ainmhithe? Cén fáth? *(Tá, mar nach bhfuil ach dhá chos againn; glacann sé timpeall bliain orainn siúl a fhoghlaim)*

Cén chruth atá ar bhonn do choise, má fhéachann tú air ón taobh? *(Stua). (Má tá gníomhaíochtaí Fionnachtan Eolaíochta sa Bhunscoil faoi dhéanamh droichead déanta ag na leanaí, an mbeadh tuairim acu cén fáth go mbíonn stua i gcosa? An ndéanann an cruth seo níos láidre iad?)*

Meas tú an mbíonn cosa níos mó ag daoine arda ná mar a bhíonn ag daoine níos lú? DÉANAIMIS FIOSRÚ!

AIRDE AGUS MÉID COISE NÓ BROIGE – SUIRBHÉ EOLAÍOCH

Snáithí agus Aonaid Ábhair :

EOLAÍOCHT: Nithe beo: *muid féin*

MATA: Uimhir: *oibríochtaí – meas, suimiú, roinnt*

Toisí: *fad, cóimheasanna (rang 6)*

Sonraí: *Sonraí a Léiriú agus a Léirmhíniú*

Ailgéabar: *patrúin uimhreacha*

Scileanna: Fiosrú, tuar, tomhas, taifeadadh

Traschuraclam: TF, Ealaín

Gníomhaíochtaí Eolaíochta agus Mata:

A. GNÍOMHAÍOCHT AG ÚSÁID MÉIDEANNA BRÓIGE AGUS GRAIF

Deirtear uairanta go mbíonn cosa móra ag daoine arda, agus cosa níos lú ag daoine beaga. An fíor é sin do do rangsa. Déan fiosrúchán chun freagra na ceiste seo a fháil amach.

1. Pléigh leis na leanaí conas a d'fhéadfaí tabhairt faoin gceist seo a fhreagairt.

2. Ba chóir do na leanaí réamh-mheas a dhéanamh ar an freagra a bheadh ann.

3. D'fhéadfadh na leanaí tábla mar seo a leanas a líniú ansin, le go leor sraitheanna do na leanaí ina ngrúpa féin.

B'fhéidir gur maith an smaoineamh é cairt mhór a chur os comhair an seomra ranga do na leanaí go léir sa rang.

Ainm an Dalta	Méid bróige	Airde (cm)

AIRDE AGUS MÉID COISE NÓ BROIGE – SUIRBHÉ EOLAÍOCH

4. In ngrúpaí, déanann na leanaí a n-airde a thomhas sa mhodh caighdeánach (*go dtí an cm is gaire*).

5. Cuireann siad na toisí sin sa chairt in aice le hainm agus le méid bróige gach linbh.

(*Is féidir é seo a dhéanamh ar scairbhileog ríomhaire má tá sé áisiúil*)

Graif: Tá sé deacair freagra a thabhairt ar an gceist "an mbíonn cosa níos mó ag daoine arda" trí bhreathnú ar thábla torthaí.

Tá sé i bhfad níos éasca a fheiceáil an bhfuil patrún ann trí ghraf a líniú.



Bheadh scaipghraf ina bhealach maith chun na torthaí a léiriú.

Ba chóir do na leanaí caint faoin méid atá déanta acu agus breathnú go cúramach ar an ngraf. An bhfuil patrún le feiceáil acu? An féidir leo teacht ar aon chonclúid faoin ngaol atá idir a n-airde agus méid a gcosa? An bhfuil a gconclúid ag teacht lena réamh-mheas?

An bhfuil pointí ann nach n-oireann don phatrún? (Cuimhnigh gur duine ann féin é gach neach daonna agus go bhfuil an-éagsúlacht cruthanna agus méideanna normalta!)

B. GNÍOMHAÍOCHT MHALARTACH A THOMHASANNA AIRDE AGUS FAD COISE
(ní úsáidtear graif ná méideanna bróg - d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach do ranganna níos óige)

Mar a rinne siad cheana ba chóir do na leanaí plé a dhéanamh ar fhreagra na ceiste: "an bhfuil aon bhaint idir a n-airde agus méid a gcosa?"

Is modh amháin é seo a leanas (*ach ba chóir plé a dhéanamh faoi aon mholadh a bheadh acu féin agus é a fhiosrú b'fhéidir*) :

Tomhasann na leanaí a n-airde ar mhodh caighdeánach nó neamhchaighdeánach.

Baineann na leanaí ceann dá mbróga agus déanann réamh-mheas ar dtús ar fhad na coise.

Ansin tomhasann siad fad na coise (*le tomhas cothrom a dhéanamh ba chóir dóibh go léir iarracht a dhéanamh an fad céanna a thomhas, m.sh. trí leabhar amháin a chur os comhair ordóg na coise agus ceann eile laistiar den tsáil, agus an t-achar idir na leabhair a thomhas*).

An féidir leo a oibriú amach cé mhéid uair níos airde ná fad a gcoise atá siad? (*Nod: Is féidir leo freagra a mheas; agus ansin a n-airde a roinnt ar fhad na coise. Cén uimhir a fhaigheann siad?*)

AIRDE AGUS MÉID COISE NÓ BROIGE – SUIRBHÉ EOLAÍOCH

Sábháilteacht:

Ní bhaineann aon riosca fisiciúil leis an ngníomhaíocht seo, ach ba chóir do mhúinteoirí an ghníomhaíocht a phlé go híogair maidir le leanaí a mbeadh airde agus/nó méid coise an-éagsúil acu ón chuid eile den rang. Ba chóir béim a chur ar chomh leadránach is a bheadh an saol dá mbeadh gach duine mar an gcéanna, agus ar chomh luachmhar is atá ár n-éagsúlacht.

Gníomhaíochtaí leantacha:

1. Cad í an mheánmhéid bróige don rang?

2. Dúirt an t-ailtire ársa Rómhánach Vitruvius, go raibh réise lámha duine cothrom lena airde.

D'fhéadfadh na leanaí fiosrúchán a dhearadh chun a fháil amach an fíor é sin.

Ba chóir dóibh an toradh a réamh-mheas ar dtús. Ansin ba chóir dóibh plé a dhéanamh ar thriail a bheadh cothrom (*m.sh. gach tomhas a dhéanamh ar an gcaoi chéanna - géaga sínte amach ag airde na nguailne*).

D'fhéadfaí tábla a dhéanamh agus graf a líniú mar a rinneadh cheana.